2025/1198

12.6.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1198 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Meitheamh 2025

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/287 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle an 12 Eanáir 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/287.

(2) Is cúis mhór imní i gcónaí don Chomhairle iad na gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala, lena n-áirítear tríd an gcóras ceartais a ionstraimiú. Is cúis imní ar leith don Chomhairle iad na hionsaithe leanúnacha ar rialtas Uachtarán Arévalo, a toghadh go daonlathach, agus mí-úsáid na mbeart dlíthiúil agus nós imeachta lena ndírítear ar oifigigh thofa, cosantóirí chearta an duine, iriseoirí, ceannairí dúchasacha agus oibreoirí breithiúnacha.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287. Ba cheart na hiontrálacha maidir le cúigear a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/287 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Meitheamh 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. BODNAR

([1]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287:

*'IARSCRÍBHINN I*

LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA AGUS DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS AGUS NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2

A. Daoine Nádúrtha:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | María Consuelo PORRAS ARGUETA DE PORRES | Post/poist: Ard-Aighne Ghuatamala, Ceann Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala<br>Dáta breithe: 23.8.1953<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 242159605 (pas)<br>Inscne: baineann | Ina post mar Ard-Aighne Ghuatamala, an státseirbhíseach is airde in Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala (atá coibhéiseach le Ceann Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí nó an Phríomh-Ionchúisitheora), tá baint ag María Porras Argueta De Porres (dá ngairtear freisin "Porras") leis na hiarrachtaí ar thorthaí an chéad bhabhta agus an dara babhta d'olltoghchán a reáchtáladh i mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2023 a chur ar ceal, lena n-áirítear trí imscrúduithe coiriúla gan bhunús atá dírithe ar an mBinse Toghcháin Uachtarach, ar an bpáirtí polaitiúil *Movimiento Semilla* agus ar an Uachtarán, Arévalo. Ina theannta sin, faoina ceannaireacht, tá imeachtaí treallacha tionscanta ag an Aireacht Phoiblí i gcoinne iriseoirí neamhspleácha, ionchúisitheoirí, breithiúna agus ghníomhaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ceannairí dúchasacha agus mic léinn.<br>Dá bhrí sin, tá María Porras Argueta De Porres freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala. | 2.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2. | Ángel Arnoldo PINEDA ÁVILA | Post/poist: Ard-Rúnaí Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala<br>Dáta breithe: 10.5.1975<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 238937186 (pas)<br>Inscne: fireann | Is é Ángel Pineda Ávila Ard-Rúnaí Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala (atá coibhéiseach le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí). Tá sé ina leascheannasaí ar an Aireacht Phoiblí i ndiaidh an Ard-Aighne, agus ina Cheann ar Ardrúnaíocht na hinstitiúide sin. Sa phost sin, tá Ángel Pineda Ávila páirteach sna hiarrachtaí ar thorthaí an chéad bhabhta agus an dara babhta d'olltoghchán a reáchtáladh i mí an Mheithimh agus i mí Lúnasa 2023 a chur ar ceal, lena n-áirítear trí imscrúduithe coiriúla gan bhunús atá dírithe ar an mBinse Toghcháin Uachtarach, ar an bpáirtí polaitiúil *Movimiento Semilla* agus ar an Uachtarán, Arévalo. I mí na Nollag 2023, ghlac sé páirt i bpreasagallamh inar mhaígh an Aireacht Phoiblí go raibh toradh an chéad bhabhta den toghchán i mí an Mheithimh 2023 neamhbhailí.<br>Dá bhrí sin, tá Ángel Pineda Ávila freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala. | 2.2.2024 |
| 3. | José Rafael CURRUCHICHE CUCUL | Post/poist: Ceann na hOifige Ionchúisimh Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós, an Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala<br>Dáta breithe: 28.7.1970<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 229488307 (pas)<br>Inscne: fireann | Is é José Curruchiche Cucul Ceann na hOifige Ionchúisimh Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós (FECI), a fheidhmíonn faoi Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala (atá coibhéiseach le hOifig Ionchúisitheoir Poiblí Ghuatamala). Faoina cheannaireacht, bhí FECI ar thús cadhnaíochta san imscrúdú leanúnach maidir le cruthú an pháirtí pholaitiúil *Movimiento Semilla* de chuid an Uachtaráin, Arévalo. Ghlac sé páirt phearsanta sa ruathar a thug oifig na hAireachta Poiblí ar áitreabh an Bhinse Toghcháin Uachtarach inar osclaíodh boscaí ballóide séalaithe. Ina theannta sin, bhí baint aige leis an iarraidh go gcuirfí pearsantacht dhlítheanach *Movimiento Semilla* ar fionraí i mí Iúil 2023. I mí na Nollag 2023, ghlac sé páirt i bpreasagallamh inar mhaígh an Aireacht Phoiblí go raibh toradh an chéad bhabhta den toghchán i mí an Mheithimh 2023 neamhbhailí.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, tá baint ag José Curruchiche Cucul le hiarrachtaí ar thorthaí thoghcháin 2023 i nGuatamala a chur ar ceal. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala. | 2.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 4. | Leonor Eugenia MORALES LAZO DE SÁNCHEZ | Post/poist: Ionchúisitheoir san Oifig Ionchúisimh Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós, an Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala<br>Dáta breithe: 19.9.1979<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 2227901800101<br>Inscne: baineann | Is ionchúisitheoir í Leonor Morales Lazo De Sánchez san Oifig Ionchúisimh Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós (FECI), a fheidhmíonn faoi Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala (atá coibhéiseach le hOifig Ionchúisitheoir Poiblí Ghuatamala). Tá sí páirteach go díreach san imscrúdú leanúnach maidir le cruthú an pháirtí pholaitiúil *Movimiento Semilla* de chuid an Uachtaráin, Arévalo. Tar éis an dara babhta de na toghcháin uachtaránachta i mí Lúnasa 2023, ghlac sí páirt phearsanta sa ruathar a thug an Aireacht Phoiblí ar áitreabh an Bhinse Toghcháin Uachtarach inar osclaíodh boscaí ballóide séalaithe. Ghlac sí páirt freisin i bpreasagallamh i mí na Nollag 2023 inar mhaígh an Aireacht Phoiblí go raibh toradh an chéad bhabhta de na toghcháin i mí an Mheithimh 2023 neamhbhailí.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, tá baint ag Leonor Morales Lazo De Sánchez le hiarrachtaí ar thorthaí thoghcháin 2023 i nGuatamala a chur ar ceal. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala. | 2.2.2024 |
| 5. | Fredy Raúl ORELLANA LETONA | Post/poist: Breitheamh Coiriúil Céadchéime an Seachtú Cúirt<br>Dáta breithe: 4.11.1982<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 253127548 (pas)<br>Inscne: fireann | Ina cháil mar Bhreitheamh Coiriúil Céadchéime an Seachtú Cúirt, tá Fredy Orellana Letona freagrach as gníomhaíochtaí Oifig an Ionchúisitheora Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós (FECI) a mhaoirsiú agus a údarú, oifig a fheidhmíonn faoi Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala (atá coibhéiseach le hOifig Ionchúisitheoir Poiblí Ghuatamala), atá ag gabháil d'imscrúdú ar neamhrialtachtaí a líomhnaítear i gcruthú an pháirtí pholaitiúil *Movimiento Semilla*, ar bhuaigh a iarrthóir an dara babhta de na toghcháin uachtaránachta i nGuatamala i mí Lúnasa 2023. Mar bhreitheamh maoirseachta, d'údaraigh Fredy Orellana Letona na ruathair a tugadh ar cheanncheathrú *Movimiento Semilla* i mí Iúil 2023 agus ar áitreabh an Bhinse Toghcháin Uachtaraigh (TSE) i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair 2023. D'ordaigh sé freisin pearsantacht dhlítheanach *Movimiento Semilla* a chur ar fionraí go sealadach agus dhiúltaigh sé rochtain ar an gcáschomhad don chosaint. Chumasaigh sé gníomhaíochtaí FECI chun údaráis thofa agus giúistísí an Bhinse Toghcháin Uachtarach a ionchúiseamh.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, tá baint ag Fredy Orellana Letona le hiarrachtaí ar thorthaí thoghcháin 2023 i nGuatamala a chur ar ceal. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta na cumhachta i nGuatamala. | 2.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Jimi Rodolfo BREMER RAMÍREZ | Post/poist: Breitheamh Coiriúil Céadchéime, an Deichiú Cúirt, Guatamala<br>Dáta breithe: 25.9.1978<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 1913604570920<br>Inscne: fireann | Is é Jimi Bremer Ramírez an Breitheamh Coiriúil Céadchéime den Deichiú Cúirt in Guatamala. Sa cháil sin, d'eisigh sé barántais ghabhála agus d'údaraigh sé imscrúduithe a bunaíodh ar chúisimh bhréagacha agus chuir sé éisteachtaí ar fionraí sna cásanna sin, rud a chuir srian ar cheart na gcosantóirí chun éisteacht phoiblí, rochtain ar an gceartas agus triail chóir a fháil.<br>I mí Feabhra 2023, ina cháil mar bhreitheamh maoirseachta, d'údaraigh Jimi Bremer Ramírez an iarraidh ó Oifig an Ionchúisitheora Speisialta i gcoinne na Saoirse ó Phionós (FECI), oifig a fheidhmíonn faoi Aireacht Phoiblí (*Ministerio Público*) Ghuatamala imscrúdú a dhéanamh ar roinnt iriseoirí ó na nuachtáin *El Periódico* agus *Prensa Comunitaria*, tar éis dóibh an mhóréillitheacht i nGuatamala a chlúdach. Chuir sé éisteachtaí cúirte bunaitheoir *El Periódica*, José Rubén Zamora, ar fionraí agus chuir sé siar iad ar a laghad 6 uaire i gceann de na cásanna coiriúla ina choinne. Ina theannta sin, chuir Jimi Bremer Ramírez moill ar an nós imeachta sna cásanna coiriúla i gcoinne na n-iar-ionchúisitheoirí, Stuardo Campo agus Eduardo Pantaleón, agus i gcoinne dhlíodóir an Choimisiúin Idirnáisiúnta i gcoinne na Saoirse ó Phionós i nGuatamala (CICIG) atá as feidhm, Claudia González Orellana.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, ghlac Jimi Bremer Ramírez páirt i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i nGuatamala agus thacaigh sé leo, lena n-áirítear an ghéarleanúint agus an t-imeaglú ar ionadaithe na meán, agus ar dhlíodóirí agus ionchúisitheoirí i nGuatamala. | 12.6.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Ricardo Rafael MÉNDEZ-RUIZ VALDÉS | Post/poist: Uachtarán, an Fhondúireacht i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (Fundación contra el Terrorismo), FCT<br>Dáta breithe: 9.10.1959<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 268287872 (pas)<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe:<br>Raúl Amílcar Falla Ovalle<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>an Fhondúireacht i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (Fundación contra el Terrorismo), FCT<br>Na meáin shóisialta: https://x.com/rmendezruiz | Is é Ricardo Méndez-Ruiz Valdés Uachtarán na Fondúireachta i gCoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT. Tá baint ag FCT le feachtas ionchúiseamh arb í an pholaitíocht is cionsiocair leo agus atá faoi stiúir Oifig Ard-Aighne Ghuatamala i gcoinne iriseoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna a raibh baint acu le héilliú agus saoirse ó phionós a nochtadh i nGuatamala agus i gcoinne rialtas Ghuatamala a toghadh go daonlathach, lena n-áirítear an tUachtarán, Bernardo Arévalo. Thionscain FCT an iliomad imscrúduithe coiriúla i gcoinne oibreoirí ceartais, iriseoirí agus ionadaithe an rialtais trí ghearáin choiriúla a chomhdú agus trí ghníomhú mar ghearánaí tríú páirtí in imeachtaí coiriúla nach n-urramaíonn cearta bunúsacha na gcosantóirí.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, ghlac Ricardo Méndez-Ruiz Valdés páirt i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta i nGuatamala agus thacaigh sé leo, lena n-áirítear an ghéarleanúint agus an t-imeaglú ar ionadaithe na meán, agus ar dhlíodóirí, breithiúna agus ionchúisitheoirí. | 12.6.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 8. | Raúl Amílcar FALLA OVALLE | Post/poist: Ionadaí dlíthiúil, an Fhondúireacht i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT<br>Dáta breithe: 9.11.1971<br>Náisiúntacht: Guatamalach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 179421166 (pas)<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe:<br>Ricardo Méndez-Ruiz Valdés<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>an Fhondúireacht i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT<br>Na meáin shóisialta:<br>https://x.com/RaulFalla31 | Is é Raúl Falla Ovalle ionadaí dlíthiúil na Fondúireachta i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT. Tá baint ag FCT le feachtas ionchúiseamh arb í an pholaitíocht is cionsiocair leo agus atá faoi stiúir Oifig Ard-Aighne Ghuatamala i gcoinne iriseoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna a raibh baint acu le héilliú agus saoirse ó phionós a nochtadh i nGuatamala agus i gcoinne rialtas Ghuatamala a toghadh go daonlathach, lena n-áirítear an tUachtarán, Bernardo Arévalo. Thionscain FCT an iliomad imscrúduithe coiriúla i gcoinne oibreoirí ceartais, iriseoirí agus ionadaithe an rialtais; rinne sé gearáin choiriúla a chomhdú agus ghníomhaigh sé mar ghearánaí tríú páirtí in imeachtaí coiriúla nach n-urramaíonn cearta bunúsacha na gcosantóirí.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, glacann Raúl Falla Ovalle páirt i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta i nGuatamala agus tacaíonn sé leo, lena n-áirítear an ghéarleanúint agus an t-imeaglú ar ionadaithe na meán, agus ar dhlíodóirí, breithiúna agus ionchúisitheoirí. | 12.6.2025; |

B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | an Fhondúireacht i gcoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT | Dáta clárúcháin:<br>5.7.2013<br>Daoine aonair comhlachaithe:<br>Ricardo Méndez-Ruiz Valdés<br>Raúl Amílcar Falla Ovalle | Tá baint ag an bhFondúireacht i gCoinne na Sceimhlitheoireachta (*Fundación contra el Terrorismo*), FCT, le feachtas ionchúiseamh arb í an pholaitíocht is cionsiocair leo agus atá faoi stiúir Oifig Ard-Aighne Ghuatamala i gcoinne iriseoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna a raibh baint acu le héilliú agus saoirse ó phionós a nochtadh i nGuatamala agus i gcoinne rialtas Ghuatamala a toghadh go daonlathach, lena n-áirítear an tUachtarán, Bernardo Arévalo. Thionscain FCT an iliomad imscrúduithe coiriúla i gcoinne oibreoirí ceartais, iriseoirí agus ionadaithe an rialtais trí ghearáin choiriúla a chomhdú agus trí ghníomhú mar ghearánaí tríú páirtí in imeachtaí coiriúla nach n-urramaíonn cearta bunúsacha na gcosantóirí.<br>Trí na gníomhaíochtaí sin, glacann FCT páirt i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta i nGuatamala, lena n-áirítear an ghéarleanúint agus an t-imeaglú ar ionadaithe na meán, agus ar dhlíodóirí, breithiúna agus ionchúisitheoirí. | 12.6.2025’ |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1198/oj